



Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra na hArdteistiméireachta, 2021 – Céim 2 Treoir ‘Sula dTosaíonn Tú’

Is seirbhís é an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra (TFSI) atá curtha ar fáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus an Roinn Oideachais do scoláirí an 6^ú bliain a bhfuil iontráil déanta ina leith do chlár na hArdteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta Feidhmí, 2021. I gCéim a hAon den Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra, a bhí oscailte idir an 12 agus an 16 Márta, bhí tú in ann do chuntas a chruthú agus do réamhroghanna a dhéanamh i ngach ceann de d’ábhair maidir le scrúduithe scríofa agus na Gráid Chreidiúnaithe le haghaidh Ardteistiméireacht 2021.

Tá an tairseach á athoscailt le haghaidh iarrthóirí chun athbhreithniú agus deimhniú a dhéanamh ar a roghnú leibhéil agus a roghanna scrúduithe, Gráid Chreidiúnaithe nó an dá rud d’Ardteistiméireacht 2021 le haghaidh gach ábhair a bhfuil iontráil déanta dóibh ina leith. **Athosclóidh an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra (TFSI – Céim 2) ar 12 meán lae, Dé Máirt, an 27 Aibreán agus dúnfaidh sé ar 6 pm, Dé hAoine an 30 Aibreán.**

Tá na roghanna a dhéanann tú ag an bpointe seo an-tábhachtach. Cé go mbeidh tú in ann d’intinn a athrú níos déanaí cé acu ar mian leat na scrúduithe a dhéanamh (ina bhfuil roinnt teorainneacha a mhínítear sa treoir), **is iad na roghanna a dhéanfaidh tú ag an bpointe seo na roghanna deiridh le haghaidh do Ghrád Chreidiúnaithe agus ní bheidh tú in ann aon athruithe a dhéanamh nuair a chuireann tú isteach iad ag ar deireadh tríd an tairseach.**

Sa Treoir seo, tá eolas san áireamh ann maidir leis an tábhacht a bhaineann leis na roghanna atá ort a dhéanamh anois; Treoir Céim ar Chéim ar an bpróiseas; freagraí ar roinnt ceistanna comónta; agus sonraí faoi conas cabhair a fháil.

Sula mbogann tú ar aghaidh, glac am leis an treoir seo a léamh ina hiomláine.

- Iarrthóirí uile na hArdteistiméireachta; ní mór duit athbhreithniú a dhéanamh, leasú a dhéanamh de réir mar is gá, agus deimhniú a dhéanamh ar na roghanna deiridh maidir le cé acu ar mian leat na scrúduithe a dhéanamh, Gráid Chreidiúnaithe a fháil, nó an dá rud, ar bhonn ábhair de réir ábhair.
- Iarrthóirí uile na hArdteistiméireachta; ní mór duit athbhreithniú a dhéanamh, leasú a dhéanamh de réir mar is gá, agus deimhniú a dhéanamh, ar na leibhéil deiridh le haghaidh gach ábhair, agus tabhair faoi deara gurb é seo an leibhéal deiridh ag a mbronnfar na Gráid Chreidiúnaithe ort.
- Cé gur féidir leat rogha a dhéanamh anois scrúdú a dhéanamh in ábhar a roghnaigh tú gan a dhéanamh, ní féidir leat iontráil a dhéanamh a thuilleadh le haghaidh aon ábhar nua.
- Is féidir tarraingt amach as ábhar má chinn tú nach mian leat go ndéanfar measúnú ort san ábhar sin a thuilleadh. Má tharraingíonn tú amach as ábhar, ní bheidh tú in ann iontráil a dhéanamh arís don ábhar seo níos déanaí le haghaidh na scrúduithe ná na nGráid Chreidiúnaithe.
- Iarrthóirí Bhliain 2 (6^ú Bliain) na hArdteistiméireachta Feidhmí; ní mór duit do roghanna a dhéanamh anois cé acu a bhfuil sé beartaithe agat na scrúduithe a dhéanamh, Gráid Chreidiúnaithe a fháil nó an dá rud le haghaidh na n-ábhar agus na dtascanna ar leith.
- Iarrthóirí Bhliain 1 (5^ú Bliain) na hArdteistiméireachta Feidhmí; níl do shonraí curtha isteach sa TFSI. Tá na sonraí maidir le hiarrthóirí Bhliain 1 atá ag roghnú Grád Chreidiúnaithe, scrúduithe nó an dá rud, á mbailiú trí scoileanna.

- Iarrthóirí uile; ní mór duit an próiseas seo a chur i gcrích ag an bpointe seo fiú murar athraigh do roghanna ó Chéim 1 den Tairseach i mí an Mhárta. Baineann sé seo freisin le hiarrthóirí a chláraigh ar an tairseach i mí an Mhárta ach nach ndearna aon roghnú.
- Tá an deis deiridh ann anois d'iarrthóirí a bhfuil iontráil déanta dóibh cheana féin i leith Ardteistiméireacht 2021, agus nár chuir próiseas cláraithe an tairsigh i gcrích i mí an Mhárta, clárú ar an Tairseach agus a rognuithe ábhair a dhéanamh. (Tá Treoir Céim ar Chéim ar an bpróiseas maidir le do chuntas a chruthú (dóibh siúd nach ndearna é i mí an Mhárta) agus maidir le do roghanna a roghnú le haghaidh Chéim 2 curtha i láthair thíos.)
- Tá an tseirbhís seo ann d'iarrthóirí a bhfuil iontráil déanta dóibh i leith Ardteistiméireacht 2021 cheana féin. Tá an próiseas iontrála dúnta agus ní ghlacfar le haon iarratais eile.

Rogha Leibhéil do Gach Ábhar

Is é seo an deis deiridh atá agat lena chur in iúl an leibhéal ag a mbronnfar na Gráid Chreidiúnaithe. Is é an leibhéal a roghnaíonn tú anois i ngach ábhar an leibhéal deiridh a bheidh agat chun críche na nGrád Creidiúnaithe.

Déan do rogha leibhéil i ngach ábhar a mheas go han-chúramach, le do thoil - má roghnaíonn tú leibhéal níos airde ná mar a bhí á staidéar agat ar scoil b'fhéidir go bhfaighidh tú marc measta níos ísle ná mar a raibh tú ag súil leis ó do scoil.

Nuair a dhúnann an tairseach, beidh leibhéil na nGrád Creidiúnaithe faoi ghlas agus ní féidir le hiarrthóirí ná le scoileanna iad a athrú. Tarlóidh sé seo mar beidh múinteoirí tosaithe le dul i ngleic leis an bpróiseas meastacháin.

Má tá na scrúduithe á ndéanamh agat, beidh tú in ann do leibhéal ábhair a athrú ar lá an scrúdaithe i mí an Mheithimh.

Má roghnaigh tú na scrúduithe a dhéanamh agus na Gráid Chreidiúnaithe a fháil araon, agus má dhéanann tú na scrúduithe, déanfar tú a chreidiúnú leis an toradh is fearr den dá thoradh.

Déanfar na Gráid Chreidiúnaithe a ríomh trí thagairt a dhéanamh don roghnú leibhéil deiridh a rinne tú ar an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra ag an bpointe seo. Má athraíonn tú an leibhéal in ábhar ar lá na scrúduithe agus má roghnaigh tú le Gráid Chreidiúnaithe a fháil freisin, beidh toradh do scrúdaithe ag leibhéal éagsúil le do ghrád creidiúnaithe san ábhar sin. Ina leithéid de chásanna, déanfar comparáid ar an toradh is fearr idir toradh do scrúdaithe agus do Ghrád Creidiúnaithe trí thagairt a dhéanamh do na comhionannais sheanbhunaithe idir Ardleibhéal, Gnáthleibhéal agus Bonnleibhéal, ionas go bhfaighidh tú an toradh is mó tairbhe duit. (Má rinne tú iarratas ar oideachas tríú leibhéal, tá tú freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann tú na híosriachtanais iontrála a bhaineann le do roghanna de chúrsaí.)

Roghnú Scrúduithe, Grád Creidiúnaithe nó an dá rud

Le haghaidh gach ábhair, ní mór duit do rogha deiridh a dhéanamh maidir leis na scrúduithe a dhéanamh, rogha a dhéanamh le Gráid Chreidiúnaithe a fháil, nó an dá rud. Moltar duit a oiread rogha agus is féidir a thabhairt duit féin agus do roghanna a choinneáil oscailte i d'ábhair chomh fada agus is féidir. Ach, tá roinnt rudaí tar éis athrú ó Chéim 1 den Tairseach nach mór duit a chur san áireamh.

Ag roghnú le haghaidh na scrúduithe a dhéanamh;

- ba chóir duit bheith ar an eolas faoi na hábhair ina bhfuil comhpháirteanna iomadúla (ar nós na Béaltrialacha, na trialacha Praiticiúla agus Obair Chúrsa).
- Mura ndearna tú an scrúdú Béaltrialach in ábhar teanga, nó an Triail Feidhmíochta Praiticiúla sa Cheol, nó mura bhfuil obair chúrsa phraiticiúil in ábhar curtha i gcrích agat agus má tá an dáta

lena cur i gcrích thart, ansin ní bheidh tú in ann ach grád a fháil bunaithe ar d'fheidhmíocht sa scrúdú scríofa sna hábhair seo.

- Má dhéanann tú scrúdú agus mura bhfuil na comhpháirteanna ábhartha curtha i gcrích agat, caillfear na marcanna le haghaidh na gcomhpháirteanna ábhartha.
- Mura bhfuil na comhpháirteanna ábhartha curtha i gcrích agat sna hábhair seo agus más eol duit ag an bpointe seo nach bhfuil tú chun na scrúduithe a dhéanamh, déan do chuid roghnuithe a nuashonrú chun é seo a léiriú.

Má chuir tú comhpháirt mheasúnaithe ábhartha i gcrích, ach mura dtéann tú ar aghaidh leis an scrúdú scríofa a dhéanamh, b'fhéidir nach ndéanfar an obair seo a mharcáil. Fiú má dhéantar an chomhpháirt a mharcáil, ní bheidh tú in ann an marc seo a úsáid mar chuid de do Ghrád Creidiúnaithe. Beidh do Ghrád Creidiúnaithe bunaithe go hiomlán ar an marc measta a chuirtear isteach le caighdeánú a dhéanamh air mar chuid de phróiseas na ngrád creidiúnaithe.

Mura roghnaíonn tú ach na scrúduithe amháin in aon cheann de d'ábhair, ba chóir duit bheith ar an eolas nach mbeidh Grád Creidiúnaithe ar fáil duit ach amháin mar theagmhas níos déanaí sa chás nach féidir leat an scrúdú a dhéanamh i mí an Mheithimh, ar chúiseanna nach rabhthas ag súil leo. Ach, má dhéanann tú na scrúduithe in ábhar agus murar roghnaigh tú Grád Creidiúnaithe, ní chuirfear ach toradh an scrúdaithe ar fáil duit agus ní bheidh fáil agat ar Ghrád Creidiúnaithe.

Ní bheidh aon deis eile ann le hArdteistiméireacht 2021 a dhéanamh arís. Is cuma faoi na roghanna a dhéanann iarrthóirí aonair, cuirfear Gráid Chreidiúnaithe ar fáil d'aon iarrthóir nach féidir freastal ar aon cheann dá scrúduithe ar chúiseanna a bhaineann le Covid; de bharr éigeandálaí leighis eile; nó sa chás go bhfaigheann duine muinteartha bás. Is é a dhála céanna do scoláire aonair nó do ghrúpa scoláirí nó má bhíonn cur isteach níos suntasaí ann ar nós an scoil bheith dúnta nó dianghlasáil réigiúnach nó náisiúnta.

Eolas Curtha ar Fáil do Scoileanna

Chuir CSS sonraí suas chun dáta ar fáil do scoileanna (agus ionaid oideachais eile atá aitheanta ag CSS le scrúduithe na hArdteistiméireachta a reáchtáil) maidir leis na hábhair agus leibhéal a bhfuil iontráil déanta ag iarrthóirí ina leith tar éis Céim a haon den tairseach a dhúnadh. D'iarramar ar scoileanna dul i dteagmháil lena scoláirí maidir leis an gcinneadh atá déanta acu faoi roghnú a leibhéil. Iarradh ar scoileanna freisin cúnaimh a chur ar fáil d'aon iarrthóir a mbeadh deacrachtaí aige/aici an clárú ar an tairseach nó roghnú ábhar nó an próiseas cláraithe a chur i gcrích.

Ábhair Teangacha Neamhchuraclaim

Is iad seo a leanas teangacha neamhchuraclaim (TNCanna) na hArdteistiméireachta:

Bulgáiris	Fionlannais	Polainnis
Cróitis	Ungáiris	Portaingéilis
Seicis	Lavis	Rómáinis
Danmhairgis	Liotuáinis	Slóvaicis
Ollainnis	Máltais	Slóivéinis
Eastóinis	Nua-Ghréigis	Sualainnis

Rinneadh socruithe d'iarrthóirí atá i mbun na n-ábhar seo a dhéanamh le go mbeidh an deis acu Grád Creidiúnaithe a fháil ina n-ábhar agus Measúnú Inniúlachta a dhéanamh, atá eagraithe ag an Roinn Oideachais a dhéanamh ina scoil Dé Sathairn, an 8 Bealtaine.

Níor roghnaigh cuid mhór de na hiarrthóirí a bhfuil iontráil déanta acu i leith na n-ábhar seo Gráid Chreidiúnaithe a fháil i gCéim 1 den Tairseach. Más duine de na hiarrthóirí seo thú, ba chóir duit leas a bhaint as an deis seo agus do rogha a thabhairt suas chun dáta in ábhar na dTeangacha Neamhchuraclaim a bhfuil iontráil déanta duit ina leith agus rogha a dhéanamh le Gráid Chreidiúnaithe a fháil.

Faoin am seo, ba chóir go mbeadh ríomhphost faighte agat inar leagadh amach na socrúithe ar leith don Mheasúnú Inniúlachta. Tá sé beartaithe go mairfidh an Measúnú Inniúlachta scríofa ar feadh 90 nóiméad agus tosóidh sé ar 2.00pm agus críochnóidh sé ar 3.30pm Dé Sathairn, an 8 Bealtaine 2021.

Má roghnaíonn tú gan an Measúnú Inniúlachta teanga scríofa a dhéanamh, is é an t-aon bhealach le grád a fháil i dteanga neamhchuraclaim ná an scrúdú ábhartha a dhéanamh i mí an Mheithimh.

Foghlaimoirí Lasmuigh den Scoil agus Scoláirí ag Stáidéar Ábhair lasmuigh den scoil

Le haghaidh phróiseas na nGrád Creidiúnaithe, tá sonraí breise maidir leis na socrúithe le haghaidh scoláirí atá ag freastal ar scoileanna aitheanta ach a bhfuil ábhair á staidéar acu lasmuigh den scoil agus scoláirí atá ag staidéar go hiomlán lasmuigh de scoileanna (nó ionaid oideachais eile atá aitheanta ag CSS le scrúduithe na hArdteistiméireachta a réachtáil), le fáil anseo.

[Treoir do Ghráid Chreidiúnaithe don Ardteistiméireacht in 2021 maidir le hÁbhair Taobh Amuigh den Scoil agus Foghlaimoirí Taobh Amuigh den Scoil.](#) [hyperlink](#)

Cuireadh sonraí faoi na socrúithe seo ar fáil do na scoileanna agus ionaid uile agus go díreach d'iarrthóirí seachtracha agus déantar an t-eolas a nuashonrú go rialta ar <https://www.gov.ie/ga/ardteistiméireacht2021>. Má tá tú i gceann amháin de na catagóirí foghlaimoirí sin, má cheapann tú go bhféadfá bheith i gceann amháin díobh sin, ba chóir duit na doiciméid Treorach a léamh lena chinntiú go gcomhlíonann tú na nósanna imeachta ar fad ionas go mbeidh an deis agat Grád Creidiúnaithe a fháil.

Faoin am seo, más iarrthóir thú i gceann amháin de na catagóirí seo, ba chóir go mbeadh an Chéad Fhoirm Eolais (OOS 1) curtha i gcrích agat le réamheolas a chur ar fáil do do scoil nó do scoil ag a mbeidh do scrúdú á dhéanamh agat a bheidh ag feidhmiú mar do scoil óstach le haghaidh na nGrád creidiúnaithe.

Cé go bhféadfá an rogha de Ghráid Chreidiúnaithe a roghnú i ngach ceann de d'ábhair, beidh an rogha faoi cé acu a bheifear nó nach mbeifear in ann Gráid Chreidiúnaithe a chur ar fáil duit ag brath ar ár rannpháirtíocht sna nósanna imeachta foilsithe do na catagóirí seo d'fhoghlaimoirí. Tá sé de fhreagracht ort na riachtanais uile a léamh, a thuiscint agus a chomhlíonadh.

Rabhaidh d'Iarrthóirí

Ní féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí agus iarrthóirí, ar chúinse ar bith, teagmháil a dhéanamh le múinteoir ná le ball foirne eile, go foirmiúil ná go neamhfoirmiúil, go díreach ná go hindíreach, ag pointe ar bith, chun plé a dhéanamh, nó d'fhonn tionchar a imirt ar an bpróiseas cinnteoireachta a bhaineann leis na marcanna measta atá le tabhairt d'iarrthóirí in aon ábhar nó a d'fhéadfadh buntáiste iomarcach a bhronnadh ar d'iarrthóir ar leith.

Tá reachtaíocht á dréachtú a dhéanann foráil do phionóis, go háirithe torthaí ábhair nó na hArdteistiméireachta ina hiomláine a cheilt atá le gearradh ar iarrthóirí má fuarthas go raibh siadsan, nó go raibh daoine a bhí ag gníomhú ar a son, i mbun cumarsáide míchuí maidir le bronnadh marcanna measta.

Is féidir pionóis den chineál céanna a ghearradh ar iarrthóirí áit ar cuireadh eolas bréagach nó míthreorach ar fail acu nó thar a gceann i bpróiseas na nGrád Creidiúnaithe.

Seirbhísí Eile Curtha ar Fáil tríd an Tairseach Iarrthóra.

Beidh réimse seirbhísí eile d'iarrthóirí d'Ardteistiméireacht 2021 curtha ar fáil tríd an tairseach níos déanaí. San áireamh anseo tá rochtain a dhéanamh ar do thorthaí sealadacha sna scrúduithe, Gráid Chreidiúnaithe, nó an toradh is fearr den dá cheann má roghnaíonn tú an dá rud, agus rochtain a dhéanamh ar na sonraí maidir le torthaí na scrúduithe agus/nó na nGrád creidiúnaithe, do ghráid agus do mharcanna i ngach ábhar san áireamh. Bainfidh tú úsáid as freisin chun iarratas a dhéanamh chun

breathnú ar scrípteanna scrúduithe, chun breathnú ar do scrípteanna in ábhair atá á marcáil ar líne i mbliana, le hiarratas achomhairc a dhéanamh agus le rochtain a dhéanamh ar thorthaí d'achomhairc.

Cabhair a Fháil

Féach ar an gcuid faoi Cheisteanna agus Freagraí ar leathanaigh 11 & 12 le haghaidh freagraí ar roinnt de na ceisteanna a bheadh agat faoi úsáid a bhaint as an Tairseach. Mura bhfaigheann tú an freagra ansin agus má bhíonn cúnadh uait is féidir teagmháil a dhéanamh le deasc chabhrach Thairseach Iarrthóra an CSS ag **1800-111135 nó 1800-111136**. Tabhair faoi deara le do thoil, mar gheall ar shrianta COVID-19 beidh na línte fóin deasc chabhrach ar fáil idir **12 meán lae agus 6pm, Dé Máirt an 27^ú Aibreán** agus ó 9am go 6pm ón gCéadaoin, an 28^ú Aibreán go dtí Dé hAoine, an 30^ú Aibreán. Lasmuigh de na huaireanta seo is féidir leat ríomhphost a chur chuig candidateportal@examinations.ie

Treoir Ghinearálta ar an bPróiseas Grád Creidiúnaithe

Tá treoir ghinearálta ar gach gné den phróiseas Gráid Creidiúnaithe ar fail ag www.gov.ie/leavingcertificate.

Soláthraíonn an Roinn Oideachais seirbhís line teileafóin tiomnaithe do scoláire, do thuismitheoirí, do cheannairí scoile, do mhuinteoirí agus do phearsanra scoile eile agus do theagascóirí ar an bpróiseas Grád Creidiúnaithe 2021. Tá sé seo ar fáil ag Líne Chabhrach COVID na roinne ar 057-9324461 (roghnaigh rogha 2), Luan go hAoine, 10rn-5in nó trí ríomhphost chuig LCinfo@education.gov.ie.

Cad is Gá Dom a Dhéanamh Anois?

Cuir na céimeanna atá leagtha amach sna leathanaigh seo a leanas i gcrích idir 12 meán lae, Dé Máirt, 27 Aibreán agus 6pm Dé hAoine, 30 Aibreán.

An é Nach bhFuil Tú Cláraithe?

Má tá iontráil déanta duit i leith Ardteistiméireacht 2021, ach mura bhfuil tú cláraithe cheana féin ar an Tairseach, cruthaigh do chuntas anois, le do thoil. Féach leathanach 10 den treoir seo: cláraigh le do chuntas a chruthú, le haghaidh na gcéimeanna atá i gceist.

An é Go bhFuil Cláraithe Cheana Féin?

Má tá tú cláraithe cheana féin, lean na céimeanna thíos;

Iarrthóirí na hArdteistiméireachta	Logáil isteach le do Scrúduithe & Pasfhocal <ol style="list-style-type: none">Déan athbhreithniú ar do Shonraí PearsantaDéan athbhreithniú ar d'Ábhair agus na LeibhéilRoghnaigh le haghaidh Grád Creidiúnaithe agus/nó Scrúduithe ábhar de réir ábhair <p><u>Is é seo an deis deiridh atá agat lena chur in iúl an leibhéal ag a mbronntar na Gráid Chreidiúnaithe mar nuair a dhúnann an tairseach ní bheidh iarrthóirí ná scoileanna in ann na leibhéil seo a athrú.</u></p>

DEIMHNIÚ DEIRIDH

Logáil isteach ar do Chuntas – cuir isteach do scrúduimhir agus an pasfhocal a chruthaigh tú le linn an phróisis chláraithe. Cliceáil ar an gcnaipe **Logáil Isteach**.

a. Sonraí Pearsanta

Tabharfaidh sé seo tú go dtí an Scáileán **Sonraí Pearsanta**. Ar an scáileán **Sonraí Pearsanta** feicfidh tú do sonraí pearsanta mar seo a leanas a léiríonn an t-eolas is mó suas chun dáta atá ag CSS fút:

- D’ainm, Scrúduimhir agus Dáta Breithe.
- Más iarrthóir scoile tú beidh ort a dheimhniú má tá d’Ardteistiméireacht á hathdhéanamh agat.
- Sonraí do Scoile – Luafar anseo ainm na Scoile a bhfuil tú ag freastal uirthi (nó coláiste príobháideach nó ionad eile atá aitheanta ag CSS leis na scrúduithe a reáchtáil). Taispeánfar Uimhir Rolla do Scoile freisin. (Más iarrthóir neamhspleách tú, nach bhfuil tú ar freastal ar scoil, beidh an chuid seo folamh).

Ní féidir leat d’ainm ná do dháta breithe a athrú ar an tairseach. Má tá na sonraí seo mícheart, cuir in iúl do do scoil le do thoil le ríomhphost a chur chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit chun na sonraí seo a cheartú

Más iarrthóir seachtrach tú (scrúduimhir a thosaíonn le 18xxxx) agus má tá na sonraí seo mícheart, cuir ríomhphost chuig candidateportal@examinations.ie leis na sonraí cearta.

Cliceáil ar an gcnaipe **Cliceáil anseo le Dul ar Aghaidh** le do thoil chun dul chuig **an gcéad leathanach eile**. Tá **an chéad leathanach eile difriúil ag brath ar an iarrthóir Ardteistiméireachta thú nó an iarrthóir Ardteistiméireachta Feidhmí (Bliain 2) thú.**

– (Ba chóir d’Iarrthóirí Bhliain 2 ATF dul go dtí **Leathanach 9 den Treoir seo ANOIS**).

IARRTHÓIRÍ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

- Athbhreithnigh agus Deimhnigh d’Ábhair agus na Leibhéil**
- Athbhreithnigh agus Deimhnigh do roghnuithe le haghaidh Grád Creidiúnaithe/Scrúduithe, nó le haghaidh na nGrád Creidiúnaithe agus na Scrúduithe araon**

(Mura ndearna tú é ar Chéim 1 den Tairseach i mí an Mhárta, is gá duit freisin a chur in iúl más mian leat scrúdú a dhéanamh as Gaeilge. Is gá d’Iarrthóirí Ceoil, Ardleibhéal, a nÁbhar Roghnach a roghnú.

- **Is é seo an deis deiridh atá agat lena chur in iúl an leibhéal ag a mbronnfar na Gráid Chreidiúnaithe mar tar éis an dáta seo ní bheidh iarrthóirí ná scoileanna in ann na leibhéil seo a athrú.**

Ar an leathanach seo feicfidh tú sonraí faoi na hábhair agus na leibhéil ar fad a bhfuil iontráil déanta duit i leith Ardteistiméireacht 2021. Is é seo an t-eolas suas chun dáta is deireanaí atá againn fút, bunaithe ar an eolas a chuir tú ar fáil dúinn go dtí seo.

2021 Leaving Certificate Subjects
Ábhair Ardteistiméireacht 2021
 Scrúduithe / Examination Number:

Tarraingt amach	Ábhar	Leibhéal	Roghnaigh do rogha(i)	Leagan Páipéar Béarla nó Gaeilge
<input type="checkbox"/>	GAEILGE	Ordinary Level	Grád Creidiúnaithe <input checked="" type="checkbox"/> Scrúdú Stáit <input checked="" type="checkbox"/>	N/A
<input type="checkbox"/>	BÉARLA	Ordinary Level	Grád Creidiúnaithe <input checked="" type="checkbox"/> Scrúdú Stáit <input checked="" type="checkbox"/>	N/A
<input type="checkbox"/>	MATAMAITIC	Ordinary Level	Grád Creidiúnaithe <input checked="" type="checkbox"/> Scrúdú Stáit <input checked="" type="checkbox"/>	English
<input type="checkbox"/>	TÍREOLAÍOCHT	Higher Level /	Grád Creidiúnaithe <input checked="" type="checkbox"/> Scrúdú Stáit <input checked="" type="checkbox"/>	English
<input type="checkbox"/>	EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA	Higher Level /	Grád Creidiúnaithe <input checked="" type="checkbox"/> Scrúdú Stáit <input checked="" type="checkbox"/>	English
<input type="checkbox"/>	STAIÉAR FOIRGNÍOCHTA	Higher Level /	Grád Creidiúnaithe <input checked="" type="checkbox"/> Scrúdú Stáit <input checked="" type="checkbox"/>	English
<input type="checkbox"/>	EACNAMAIÓCHT BHAILE E & S	Higher Level /	Grád Creidiúnaithe <input checked="" type="checkbox"/> Scrúdú Stáit <input checked="" type="checkbox"/>	English

Deimhnigh: Agus tic á chur agat sa bhosca seo, tá do roghnúcháin thuas á ndeimhniú agat

Sula ndéanann tú do roghanna deiridh, léigh an t-eolas tábhachtach atá curtha i láthair ar leathanaigh 1-3 den Treoir seo.

Ba chóir duit athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas atá curtha ar fáil go han-chúramach sula ndéanann tú do roghnuithe deiridh.

Beidh tú in ann iad seo a leanas a dhéanamh ach tic a chur sna boscaí nó a bhaint de na boscaí, nó roghnú a dhéanamh ó na roghchláir anuas (de réir mar is cuí): -

- Le haghaidh gach ábhair, ní mór duit do rogha deiridh a dheimhniú maidir leis an scrúdú a dhéanamh; Grád Creidiúnaithe a fháil, nó an dá rud.
- Leibhéal do chuid ábhar a athrú
- Tarraingt amach as ábhar ina raibh iontráil déanta duit don Ardteistiméireacht
- Le haghaidh iarrthóirí a bhfuil iontráil déanta dóibh i leith Ceoil ag an Ardleibhéal, d'Ábhar Roghnach a roghnú (mura bhfuil sé seo déanta agat).
- Má roghnaíonn tú an Scrúdú/na Scrúduithe a dhéanamh, cuir in iúl an bhfuil an leagan Gaeilge den pháipéar ag teastáil uait don scrúdú scríofa.

Má tá tú sásta leis an eolas atá curtha ar fáil, ansin ná déan aon athrú sna boscaí ina bhfuil na ticeanna ná sna roghnuithe anuas. Mar sin féin, ní mór duit fós do roghnuithe deiridh a chur isteach.

Nuair atá do roghanna deiridh déanta agat tríd an bhfoirm a chomhlánú agus **sula** mbrúnn tú an cnaipe CUIR ISTEACH, ba chóir duit athbhreithniú a dhéanamh ar an leathanach go cúramach lena chinntiú go bhfuil sé i gceart. **Ní bheidh tú in ann dul siar le do roghanna a athrú ar an tairseach ag an bpointe seo. Ní féidir na hábhair/leibhéil atá roghnaithe le haghaidh Grád Creidiúnaithe a athrú ina dhiaidh seo.**

Ag deireadh an leathanaigh cuireann tú tic ansin leis an mbosca ina ndéanann tú do roghanna a dheimhniú agus ansin cliceálann tú ar an gcnaipe **Cuir Isteach**.

Nuair atá sé seo déanta, gheobhaidh tú leathanach deimhnithe is féidir leat a phriontáil agus/nó a shábháil le haghaidh do thaifead féin. Gheobhaidh tú cóip den leathanach deimhnithe seo freisin ar ríomhphost ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Ní gá duit aon rud eile a dhéanamh ag an bpointe seo. Moltar go mór duit sonraí do chuntais a choinneáil go sábháilte (Scrúduimhir agus an pasfhocal a chruthaigh tú) ionas gur féidir leat rochtain a dhéanamh ar an tairseach nuair a bheidh na Torthaí curtha ar fáil.

ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH – IARRTHÓIRÍ BHLIAIN 2

Is féidir le Ardteistiméireacht Fheidhmeach (Bliain 2) a roghanna a dhéanamh anois cé acu ar mian leo na scrúduithe a dhéanamh nó Gráid Chreidiúnaithe a fháil, nó an dá rud, de réir ábhair.

2021 Leaving Certificate Applied (Year 2) 2021 Ardeistiméireacht Fheidhmeach (Bliain 2)		
Scrúduimhir / Examination Number: <input type="text"/>		
Ábhar	Roghnaigh do rogha(i)	
SPÁINNIS	Gráid Chreidiúnaithe	<input type="checkbox"/>
	Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/>
BÉARLA AGUS CUMARSÁID	Gráid Chreidiúnaithe	<input type="checkbox"/>
	Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/>
OIDEACHAIS SÓISIALTA	Gráid Chreidiúnaithe	<input type="checkbox"/>
	Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/>
FEIDHMEANNA MATAMAITICE	Gráid Chreidiúnaithe	<input type="checkbox"/>
	Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/>
TALMHAIOCHT & GAIRNEOIREACHT	Gráid Chreidiúnaithe	<input type="checkbox"/>
	Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/>
GRAFAIC AGUS STAIDÉAR FHOIRGNIÓCHTA	Gráid Chreidiúnaithe	<input type="checkbox"/>
	Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/>
TASC SAINCHEISREANNA REATHA	Gráid Chreidiúnaithe	<input type="checkbox"/>
	Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/>
TASC PRAITICIÚIL GNÓTHACHTALA	Gráid Chreidiúnaithe	<input type="checkbox"/>
	Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/>
TASC ATHMHACHNAIMH PHEARSANTA	Gráid Chreidiúnaithe	<input type="checkbox"/>
	Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/>
TASC GAIRMOIDEACHAIS	Gráid Chreidiúnaithe	<input type="checkbox"/>
	Scrúdú Stáit	<input type="checkbox"/>

Deimhnigh: Tríd an mbosca seo a sheiceáil, tá tú ag deimhniú do roghnúcháin thuas

Cláraigh le do Chuntas a Chruthú

Baineann seo a leanas d'iarrthóirí amháin nár chláraigh go fóill.

1. Sula dtosaíonn tú an próiseas cláraithe is gá an t-eolas seo a leanas a bheith ar lámh agat:
 - a. do scrúduimhir —féach an Chuid faoi Cheisteanna & Freagraí thíos mura bhfuil an uimhir seo ar eolas agat.
 - b. D'uumhir Aitheantais Phearsanta (PIN), is é sin na chéad 4 dhigit de d'Uimhir Phearsanta na Seirbhíse Poiblí (uimhir PSP) — féach an Chuid faoi Cheisteanna & Freagraí thíos mura bhfuil an uimhir seo ar eolas agat.
 - c. seoladh ríomhphoist a mbeidh rochtain agat air go rialta sna míonna amach romhainn. NB: Ná bain úsáid as cuntais ríomhphoist Yahoo/Ymail mar tá fadhbanna ag baint le ríomhphoist a sheoladh chuig cuntais Yahoo. Bain úsáid as cineál cuntais ríomhphoist eile, le do thoil.
 - d. d'uumhir fóin phóca.
2. Téigh chuig www.examinations.ie nó www.gov.ie/LeavingCertificate Cliceáil ar an **Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra (TFSI) de chuid na hArdteistiméireachta, 2021**
3. Roghnaigh an cnaipe glas **Cláraigh**. Treoraíonn sé seo tú go dtí an chéad leathanach den phróiseas Cláraithe.
4. Ar an leathanach seo, cuir isteach do Scrúduimhir sa chéad bhosca. Cuir isteach na chéad 4 dhigit de d'uumhir PSP sa bhosca ina bhfuil PIN marcáilte. Cliceáil ar **Cláraigh**. Treoraíonn sé seo tú go dtí an leathanach Cláraithe. Is é anseo an áit ina gcruthóidh tú do Chuntas Tairsigh Féinseirbhíse Iarrthóra
5. **Chun do Chuntas a Chruthú** ar an leathanach seo, beidh ort an méid seo a leanas a chur isteach agus a dheimhniú;
 - a. D'uumhir fóin phóca
 - b. Do sheoladh ríomhphoist

Beidh ort pasfhocal a chruthú freisin a bheidh ort a chur isteach agus a dheimhniú. Ní mór go mbeidh 8 gcarachtar ar a laghad sa phasfhocal agus ina bhfuil carachtair litreacha móra, litreacha beaga agus uimhreacha. Nuair atá sé seo déanta agat, cliceáil ar an gcnaipe **Cláraigh**.

6. **Faigh ríomhphost le do Chuntas a Ghníomhachtú** – ba chóir duit ríomhphost le do Chuntas a Ghníomhachtú a fháil ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit le do chuntas a ghníomhachtú. Cé go bhféadfá an ríomhphost a fháil láithreach bonn, seans go nglacfaidh sé cúpla uair an chloig (ag brath ar pholasaithe seachadta na soláthraithe ríomhphoist ar leith). Déan cinnte de freisin go seiceálann tú d'FHILLTEÁIN TURSCAIR & DRAMHPHOIST

Mura bhfaigheann tú an ríomhphost le Cuntas a Ghníomhachtú tar éis 2 uair an chloig ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an deasc chabhrach – Teileafón 1800-111135 nó 1800-111136. Tabhair faoi deara le do thoil, mar gheall ar shrianta COVID-19 beidh na línte fóin deasc chabhrach ar fáil idir **12 meán lae agus 6pm, Dé Máirt, 27 Aibreán** agus ó 9am go 6pm ó Dé Céadaoin, 28 Aibreán go dtí hAoine, 30 Aibreán. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh freisin agus ríomhphost a chur **chuig candidateportal@examinations.ie**.

7. **Do Chuntas a Ghníomhachtú** — chun an próiseas cláraithe a chur i gcrích, caithfidh tú cliceáil ar an nasc sa ríomhphost a cuireadh chuig do chuntas ríomhphoist. Tiochfaidh an ríomhphost ó

Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Má chliceálann tú ar an nasc sa ríomhphost cuirfidh sé seo an próiseas cláraithe i gcrích agus deimhneofar gur cruthaíodh do Chuntas Tairsigh Féinseirbhíse Iarrthóra. NB: **Ní dhéanfar do Chuntas a ghníomhachtú go dtí go gcliceálann tú ar an nasc sa ríomhphost le Cuntas a Ghníomhachtú.**

Nuair a chliceálann tú ar an nasc sa ríomhphost le Cuntas a Ghníomhachtú tabharfar tú go dtí an **Logáil Isteach**. Is féidir leat rochtain a dhéanamh ar an gcnaipe **Logáil isteach freisin ón Leathanach Baile TFSI**.

Rinne mé dearmad ar mo Phasfhocal ar chláraigh mé leis i mí an Mhárta?

Nuair atá tú ar an scáileán Logáil Isteach agus nuair a iarrtar ort do scrúduimhir agus do phasfhocal a chur isteach, tá nasc ansin ‘an bhfuil dearmad déanta agat ar do Phasfhocal?’. Is féidir leat cliceáil air seo le do phasfhocal a athshocrú.

Níl mo Scrúduimhir ar eolas agam – conas is féidir liom í sin a fháil?

- Ba chóir go mbeadh an uimhir 6-dhigit seo curtha ar fáil duit ag do scoil, ionad oideachais nó ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit má rinne tú iontráil i leith na hArdteistiméireachta go neamhspleách. Seiceáil do chuid taifead don uimhir le do thoil.
- Mura bhfuil an uimhir seo agat agus má tá tú ag freastal ar scoil nó ar ionad oideachais eile (ionaid bhreiseoideachais agus ionaid oiliúna nó coláiste príobháideach san áireamh) ansin ba chóir duit iarraidh ar an scoil an uimhir a chur ar fáil duit.
- Más iarrthóir seachtrach thú ansin ba chóir go mbeadh an uimhir seo agat ar taifead ón gcomhfhreagras a fuair tú ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.
- Mura bhfuil tú fós in ann an uimhir seo a aimsiú, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Deasc Chabhrach le cúnamh a fháil.

Cad é mo PIN (Uimhir Aitheantais Phearsanta)?

Is é do PIN na chéad 4 dhigit de d’uimhir Phearsanta de chuid na Seirbhíse Poiblí. Má chuireann tú do scrúduimhir leis an PIN beidh tú in ann d’aitheantas a dheimhniú chun clárú leis an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra (TFSI).

Cad is Uimhir PSP ann?

Is uimhir thagartha uathúil í d’Uimhir Phearsanta de chuid na Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP). Bíonn seacht n-uimhir i gcónaí in Uimhir PSP agus litir amháin nó dhá litir ina ndiaidh.

Níl m’Uimhir PSP ar eolas agam – cén áit ar féidir liom í a aimsiú?

1. Tiocfaidh tú ar d’Uimhir PSP ar na doiciméid seo a leanas:
 - Cárta Seirbhísí Poiblí
 - Cárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra
 - Cárta Eorpach um Árachas Sláinte
 - Cárta Scéim Íocaíochtaí Drugaí
 - Duillíní pá a fuair tú ó d’fhostóir, má tá tú ag obair
 - Comhfhreagras ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
2. Má tá tú i do chónaí sa bhaile le tuismitheoir nó le caomhnóir, seiceáil leo siúd, le do thoil, lena fháil amach an bhfuil d’Uimhir PSP ar eolas acu.

Má tá na foinsí ar fad atá molta seiceáilte agat agus mura bhfuil tú fós in ann d’uimhir a aimsiú, is féidir leat a sheiceáil le do scoil mar b’fhéidir go mbeadh an uimhir sin acu ar a gcuid taifead. (**Tabhair faoi deara:** De bharr na héigeandála sláinte poiblí, ba chóir duit gach iarracht a dhéanamh d’Uimhir PSP a aimsiú, agus na céimeanna thuas a leanúint, sula dtéann tú i dteagmháil le do scoil.)

Tá na foinsí ar fad atá molta seiceáilte agam agus teagmháil déanta le mo scoil agus níl in ann m’Uimhir PSP a aimsiú go fóill?

Mura bhfuil tú in ann d'Uimhir PSP a aimsiú go fóill, ba chóir duit glaoch a chur ar an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ag 071 967 2616 nó 1890 927 999. **Má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois, beidh ar do thuismitheoir nó do chaomhnóir an teagmháil seo a dhéanamh ar do shon.**

Níl Uimhir PSP agam, nó creidim nach raibh ceann agam nuair a rinne mé iontráil i leith scrúduithe na hArdteistiméireachta. Ar chóir dom ceann a fháil anois?

Níor chóir. Mura bhfuil UPSP agat, nó mura raibh ceann agat nuair a rinne tú iontráil i leith na scrúduithe, ba chóir duit dul i dteagmháil leis an deasc chabhrach.

Tá m'uumhir PSP agam, agus chuir mé isteach na chéad cheithre dhigit mar mo PIN ach ní aithníonn an córas í, cad ba chóir dom a dhéanamh?

Má tá tú cinnte gur chuir tú isteach do scrúduimhir agus na chéad cheithre dhigit de d'uumhir PSP i gceart, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an deasc chabhrach.

Má tá mo chuntas cláraithe agam agus mura bhfuil an ríomhphost le Cuntas a Ghníomhachtú faighte agam cad ba chóir dom a dhéanamh?

Seiceáil ar bhain tú úsáid as seoladh ríomhphoist Yahoo/Ymail. Más rud é gur bhain tú úsáid as, ba chóir duit dul i dteagmháil leis an Deasc Chabhrach. Tá deacrachtaí leis na seoltaí ríomhphoist seo. Déanfaimid do chuntas a athshocrú agus beidh ort clárú arís ag baint úsáid as seoladh ríomhphoist eile.

Más rud é nár bhain tú úsáid as seoladh ríomhphoist Yahoo/Ymail, agus nach bhfuair tú an ríomhphost, ansin ba mhaith linn go ndéanfá an méid seo a leanas;

- Seiceáil d'fhillteáin Turscair agus Dramhphoist. Tíocfaidh an ríomhphost seo ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.
- Mura bhfuil sé ar fáil ansin, fan cúpla uair an chloig sula dtéann tú i dteagmháil linn. Seolfar an ríomhphost láithreach bonn ach tá polasaithe seachadta difriúla ag soláthraithe ríomhphoist agus seans go nglacfaidh sé 2-3 uair an chloig sula sroicheann an ríomhphost do chuntas.
- Mura bhfuil sé tar éis teacht go fóill, ba chóir duit dul i dteagmháil leis an Deasc Chabhrach ansin.

Má bhíonn deacrachtaí teicniúla agam le rochtain a dhéanamh ar an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra, cad ba chóir dom a dhéanamh?

Má bhíonn aon deacrachtaí agat is féidir leat dul i dteagmháil leis an Deasc Chabhrach.

Conas a dhéanaim teagmháil leis an Deasc Chabhrach?

Is féidir teagmháil a dhéanamh le deasc chabhrach Thairseach CSS ag **1800-111135 nó 1800-111136**. Tabhair faoi deara le do thoil, mar gheall ar shrianta COVID-19 beidh na línte fóin deasc chabhrach ar fáil idir **12 meán lae agus 6pm, Dé Máirt, an 27 Aibreán** agus ó 9am go 6pm ó Dé Céadaoin, an 28 Aibreán go dtí Dé hAoine, an 30 Aibreán. Lasmuigh de na huaireanta seo is féidir leat ríomhphost a chur chuig candidateportal@examinations.ie

Cosaint Sonraí

Tá na sonraí iomlána maidir le polasaithe um chosaint sonraí Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus na Roinne Oideachais ar fáil ar <https://www.examinations.ie/cosaint-sonraí/> agus <https://www.education.ie/ga/An-Roinn/Cosaint-Sonraí/Eolas.html>

